**Folúntas: Bainisteoir Digiteach agus Ar Líne**

Tá **Bainisteoir Digiteach agus Ar Líne** le ceapadh ag Comharchumann Raidió Átha Cliath Teoranta (ag trádáil mar 'Raidió na Life'). Post ar chonradh bliana atá i gceist, agus féidearthacht ann go gcuirfí síneadh leis an gconradh ina dhiaidh sin. Ní mór iarratais a sheoladh trí ríomhphost chuig bainisteoir@raidionalife.ie **faoi 5 i.n. ar an Aoine, 29 Samhain 2024**. Ní ghlacfar le hiarratais i ndiaidh an spriocdháta seo.

---

Stáisiún raidió pobail bríomhar lán-Ghaeilge atá ag craoladh ar an raidió i mórcheantar Bhaile Átha Cliath ar 106.4FM agus ar fud na tíre agus na cruinne ar raidionalife.ie is ea Raidió na Life. Is mian le Raidió na Life duine uaillmhianach, fuinniúil, cruthaitheach agus díograiseach a earcú mar **Bhainisteoir Digiteach agus Ar Líne**. Post lánaimseartha ar chonradh bliana atá sa phost spreagúil seo. Tá an fhéidearthacht ann go gcuirfí síneadh leis an gconradh ina dhiaidh sin. Beidh an té a cheapfar sa phost seo ag obair **ar an láthair** go príomha, in oifigí Raidió na Life i Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1.

**Próifíl an Phoist:**

Beidh an Bainisteoir Digiteach agus Ar Líne freagrach don Bhainisteoir Stáisiúin. Beidh sé/sí freagrach as láithreacht Raidió na Life ar líne agus ar ardáin dhigiteacha a bhainistiú, a threisiú agus a fhorbairt, ag díriú, i measc rudaí eile ar:

- Ábhar ilmheáin tarraingteach, snasta a chruthú agus a chur in airde ar leathanaigh agus cainéil RnaL ar na meáin shóisialta ó lá go lá, idir ábhar físe, fuaime agus scríofa
- Suíomh gréasáin RnaL a choinneáil suas chun dáta le nuacht, sonraí faoi chraoltóirí agus cláir nua, ócáidí RnaL sa phobal etc
- Cabhrú le branda podchraoltaí RnaL agus soláthar podchraoltaí RnaL a fhorbairt agus a chur chun cinn i gcomhar leis an bhfoireann
- Deiseanna dearfacha atá ag eascairt as an IS (AI) a aithint agus straitéis IS a fhorbairt do RnaL i gcomhar leis an mBainisteoir Stáisiúin agus an fhoireann; sainslite a aithint ina bhféadfadh an IS deiseanna forbartha a chur ar fáil don stáisiún; agus gníomhú ar na moltaí sin
- Bainistiú a dhéanamh ar chomhlíonadh chóid agus chaighdeáin Choimisiún na Meán i dtaca le gach ábhar a chuireann an stáisiún ar fáil ar líne.

Beidh an Bainisteoir Digiteach agus Ar Líne freagrach as cúraimí eile de réir mar a aontófar leis an mBainisteoir Stáisiúin.

**Cáilíochtaí / Scileanna Riachtanacha:**

- Bunchéim onóracha tríú leibhéal, ar a laghad, nó cuntas teiste gairmiúil a léireoidh go bhfuil na scileanna atá riachtanach chun an post seo a chomhlíonadh sealbhaithe ag an iarrthóir
- Gaeilge scríofa agus labhartha d'ardchaighdeán
- Sárscileanna Digiteacha

- Sárthuiscint ar na meáin shóisialta agus ar conas an leas is fearr agus is féidir a bhaint astu chun branda eagraíochta a chur chun cinn agus 'trácht' a ghiniúint etc
- Eolach ar chóras bainistíochta inneachair dála WordPress etc. d'fhonn suíomh gréasáin www.raidionalife.ie a nuashonrú agus a bhainistiú
- Tuiscint ar na meáin Ghaeilge; na meáin in Éirinn trí chéile; agus ar éiteas an raidió pobail
- Scileanna láidre idirphearsanta, a chuirfidh ar chumas an iarrthóra a bheith ag plé le baill foirne eile agus le craoltóirí deonacha agus a bheith mar chuid d'fhoireann stáisiúin raidió pobail ina bhfuil rannphháirtíocht ag réimse leathan daoine ón bpobal
- Fonn foghlama agus cumas foghlaim go tapa.

**Tréithe Inmhianaithe:**

- Bheadh taithí/cumas craoltóireachta ina bhuntáiste don ról seo
- Bheadh cáilíocht sa Ghaeilge ina bhuntáiste don ról seo
- Tuiscint ar rialúcháin, cóid agus caighdeáin Choimisiún na Meán i dtaca le hábhar ar líne, mar aon le foilseacháin eile atá curtha ar fáil ag an gCoimisiún ag www.cnam.ie
- Cur amach ar agus taithí ar threalamh craolacháin & taifeadta agus ar bhogearraí taifeadta agus eagarthóireachta fuaime agus físe a úsáid

**Coinníollacha:**

- Post lánaimseartha ar chonradh bliana atá sa phost seo. D'fhéadfaí go síneofaí an conradh go tréimhse níos faide ina dhiaidh sin.
- Ceapfar an Bainisteoir Digiteach agus Ar Líne ar ghrád Oifigeach Feidhmiúcháin – Gnáthscála (€36,544 – €59,422) de réir an chiorcláin is déanaí a bheidh i bhfeidhm nuair a dhéanfar an ceapachán. Socrófar tuarastal de réir taithí agus cáilíochtaí.
- Is í an Ghaeilge teanga oibre Raidió na Life agus táthar ag súil go ndéanfaidh an té a cheapfar sa ról seo a gcuid oibre ar fad trí Ghaeilge.

**Conas iarratas a dhéanamh:**

Seoltar litir iarratais mar aon le CV chuig bainisteoir@raidionalife.ie **faoi 5 i.n. ar an Aoine, 29 Samhain 2024**.

**Is fostóir comhionannas deiseanna é Comharchumann Raidió Átha Cliath Teoranta.**